**Parlaimint na hEorpa**
2019 - 2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P9_TA(2021)0274

## Deimhniú Digiteach COVID AE - náisiúnaigh tríú tír ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat le haghaidh deimhnithe idir-inoibritheacha i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh a eisiúint chuig náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID 19 agus le haghaidh fhíorú agus ghlacadh na ndeimhnithe sin (an Deimhniú Glas Digiteach) (COM(2021)0140 – C9-0100/2021 – 2021/0071(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0140),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 77(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0100/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 21 Bealtaine 2021 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo[1];

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go

---

[1] Glacann an seasamh seo ionad na leasuithe arna nglacadh an 29 Aibreán 2021 (Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0146).

substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2021)0071**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 9 Meitheamh 2021 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID-19 AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2021/954.)*

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

Aontaíonn an Coimisiún go bhfuil vacsaíní agus tástálacha COVID-19 d'ionfhabhtú SARS-CoV-2 atá inacmhainne agus inrochtana ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne phaindéim COVID-19. Ag cur san áireamh nach mbeidh an daonra ar fad vacsaínithe nuair a thiocfaidh Rialacháin (AE) 2021/953 agus Rialacháin (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfeidhm, tá rochtain ar dheiseanna tástála inacmhainne tábhachtach chun saorghluaiseacht agus soghluaisteacht san Eoraip a éascú.

Chun tacú le hacmhainneachtaí tástála na mBallstát, tá cistí curtha ar fáil ag an gCoimisiún cheana féin faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála chun mearthástálacha antaiginí a cheannach agus tá soláthar comhpháirteach seolta aige i gcomhair leathbhilliún mearthástáil antaiginí. Tá Cónaidhm Idirnáisiúnta na Croise Deirge ag tacú freisin leis na Ballstáit an inacmhainneacht tástála a mhéadú, agus leas á bhaint as cistiú ón Ionstraim Tacaíochta Éigeandála.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'infhaighteacht tástálacha inacmhainne, go háirithe do dhaoine a thrasnaíonn teorainneacha go laethúil nó go minic chun dul ar obair nó ar scoil, cuairt a thabhairt ar gharghaolta, cúram leighis a lorg, nó aire a thabhairt do dhaoine muinteartha, geallann an Coimisiún cistí breise EUR 100 milliún a shlógadh faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála chun tástálacha a cheannach d'ionfhabhtú SARS-CoV-2 atá cáilithe maidir le heisiúint deimhniú tástála de bhun Rialachán (AE) 2021/953. Más gá, d'fhéadfaí leas a bhaint as cistiú breise os cionn EUR 100 milliún, faoi réir fhormheas an údaráis bhuiséadaigh.